## Clár

Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh 3
Taighde 4
Líonraí 8
Feachtais 12
Oideachas 16
Imeachtaí 18
Oibríochtaí Corparáideacha 21
Ráitis Airgeadais 22

**2014 IN AON AMHARC AMHÁIN**

Taighde
Dhírigh ***safe*food** ar bhearnaí ábhartha eolais trí thús áite a thabhairt do thaighde trí chlár struchtúrtha ina bhféachtar ar na nithe a d'fhéadfadh tarlú.

Lionraí
Chuir líonraí ***safe*food** timpeallachtaí dinimiciúla agus tairbhiúla ar fáil chun eolas a mhalartú chun leas frithpháirteach geallsealbhóirí.

Feachtais
Le feachtais ildisciplíneacha ***safe*food** cumhachtaíodh daoine aonair leis an eolas chun tionchar dearfach a bheith acu ar iompar.

Oideachas
D'oibrigh ***safe*food** le geallsealbhóirí agus comhpháirtithe chun acmhainní nua a fhorbairt d'aoisghrúpaí éágsúla ar oileán na hÉireann.

Imeachtaí
Chabhraigh imeachtaí ***safe*food** chun eolas a chomhroinnt idir gairmithe agus cuireadh chun cinn dá réir teachtaireachtaí sábháilteacht bia, sláinteachas bia agus teachtaireachtaí cothaithe do thomhaltóirí.

## Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh

Teastaíonn cur chuige ildisciplíneach le tacaíocht ó fhianaise eolaíoch, taighde ar thomhaltóirí, feachtais chomhtháite, comhpháirtíochtaí gairmiúla, líonraí agus malartú eolais chun sláinte an phobail ar oileán na hÉireann a fheabhsú trí shábháilteacht bia agus nósanna sláintiúla itheacháin a chur chun cinn.

Ag ***safe*food**, trínar bhfeachtais chomhtháite cumarsáide agus feasachta cumhachtaítear daoine aonair leis an eolas is gá chun tionchar dearfach a bheith acu ar iompar agus athruithe a chur i gcrích. De thoradh ár bhfeachtais chun dul i ngleic le murtall óige tá comharthaí misnigh ann go bhfuil tuismitheoirí ag tosú ar athruithe dearfacha a dhéanamh ar nósanna laethúla m.sh. uisce a chur in áit deochanna siúcrúla agus laghdú a dhéanamh ar an méid bianna milse a itear. Maidir le sábháilteacht bia, tá athruithe suntasacha feicthe againn tar éis ár bhfeachtais fógraíochta agus digiteach dírithe ar iompar daoine a níonn sicíní. Is treisiú é an tóir atá ar ár gcainéil shóisialta agus digiteacha ar a thábhachtaí agus a ábhartha atá na cainéil sin ó thaobh dul i mbun cumarsáide lenár bpobail.

Trínár gclár cuimsitheach taighde agus bailiú eolais dírimid ar bhearnaí in eolas eolaíoch maidir le sábháilteacht bia, sláinteachas bia, cothú agus nósanna sláintiúla itheacháin. Úsáidtear an taighde seo, leis, chun an bonn fianaise dár bhfeachtais a neartú, agus is údar mórtais dúinn an taighde eolaíoch a chuirimid ar fáil, taighde atá soiléir, údarásach, ábhartha

agus neamhspleách. Cuireann ár dtaighde leis an tuiscint ar na guaiseanna is féidir a bheith ag gabháil le táirgeadh bia agus na bearta is gá chun na guaiseanna sin a íoslaghdú nó deireadh a chur leo. Trí dhul i mbun oibre le príomh-gheallsealbhóirí taighde agus le hinstitiúidí eile, tá ***safe*food** ag cur le caidreamh oibre uile-oileáin agus ag neartú comhpháirtíochtaí idir institiúidí taighde ar fud an oileáin.

Leis an raon mór líonraí gairmiúla atá againn, raon atá ag dul i méid i gcónaí, táimid ag cruthú timpeallachtaí atá dinimiciúil agus tairbhiúil dá mbaill agus ag cabhrú leis an malartú leanúnach faisnéise eatarthu. Cabhraíonn ár líonraí, leis, chun caidreamh leo siúd atá obair i ngairmeacha sláinte, i gcúrsaí taighde, san acadamh agus i mbia pobail a fhorbairt agus a fheabhsú, agus táimid spreagtha faoi na pleananna dóibh siúd sa todhchaí. Trínár sraith rialta imeachtaí cuirtear deiseanna líonraithe agus malartaithe eolais ar fáil do ghairmithe ar an oileán seo agus thar lear agus is cabhair iad ár n-imeachtaí, ina gcasaimid ar thomhaltóirí, chun ár dteachtaireachtaí mar gheall ar shábháilteacht bia agus nósanna sláintiúla itheacháin a chur in iúl ar shlí tharraingteach idirghníomhach.

Tá comharthaí spreagúla feicthe againn le linn 2014 go bhfuil athruithe dearfacha ar bun in iompar tomhaltóirí i dtaca le bia agus sláinte an phobail ar oileán na hÉireann a fheabhsú. Ach tá dúshláin shuntasacha le sárú agus geallaimid go nglacfaimid leis na dúshláin sin. Thar ceann Bhord Comhairleach ***safe*food** agus mo chomhghleacaithe, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis na daoine, na geallsealbhóirí agus na heagraíochtaí a d'oibrigh linn chun díriú ar na dúshláin sin. Táimid ag tnúth le leanúint leis an gcur chuige comhpháirtíochta seo.

Ray Dolan
Príomhfheidhmeannach

## Taighde

Dhírigh ***safe*food** ar bhearnaí ábhartha eolais trí thús áite a thabhairt do thaighde trí chlár struchtúrtha ina bhféachtar ar na nithe a d'fhéadfadh tarlú.

107 tionscadal taighde ó 2000 as ar tháinig 250 tuarascáil agus léiriú.
Is iad ceithre réimse taighde ***safe*food**:
1. Micribitheolaíocht & Sláinteachas Bia
2. Ceimic & Tocsaineolaíocht
3. Cothú & Nósanna Sláintiúla Itheacháin
4. Athbhreithnithe Dírithe ar an Tomhaltóir

6 Clúdaítear sna sé thuarascáil taighde a d'fhoilsigh ***safe*food** ar shábháilteacht bia, nósanna sláintiúla itheacháin agus murtall.
515 Líon na dtaighdeoirí a d'oibrigh ar thionscadail a mhaoinigh ***safe*food**.

dírítear an cur chun cinn a dhéanann ***safe*food** ar shábháilteacht bia, cothú agus nósanna sláintiúla itheacháin ar an slabhra iomlán bia agus is amhlaidh, dá réir, i gcás ár dtaighde.

Is é príomhfheidhm ***safe*food** 'glacadh ginearálta a chur chun cinn gur freagracht i bpáirt é idir táirgeoirí, próiseálaithe, dáileoirí ar gach leibhéal, lónadóirí agus leis an bpobal i gcoitinne bia sábháilte a sholáthar.' Chuige sin, cuireann ***safe*food** an slabhra iomlán bia san áireamh ina dhearcadh i leith taighde agus cinntíonn sé go mbíonn nasc idir ár gclár taighde agus ár bpríomhfheidhm agus go dtacaítear leis.

Tugann ***safe*food** faoi chlár cuimsitheach taighde agus bailiú eolais chun díriú ar bhearnaí in eolas eolaíoch maidir le sábháilteacht bia, sláinteachas bia, cothú agus nósanna sláintiúla

itheacháin.

Úsáidtear an taighde seo chun bonn fianaise a thiomsú chun cumarsáid a fhorbairt a fhaighteann tacú ó eolaíocht atá soiléir, údarásach, ábhartha agus neamhspleách, lena n-áirítear feachtais feasachta ***safe*food** atá dírithe ar thomhaltóirí. Cuireann ár dtaighde leis an tuiscint ar na guaiseanna is féidir a bheith ag gabháil le táirgeadh bia agus na bearta is gá chun na guaiseanna sin a íoslaghdú nó deireadh a chur leo.

Trí dhul i mbun oibre le príomh-gheallsealbhóirí i dtaighde agus le hinstitiúidí eile, tá ***safe*food** ag cur le caidreamh oibre uile-oileáin agus ag neartú comhpháirtíochtaí idir institiúidí taighde ar fud an oileáin.

Foramharc ar thionscadail taighde
Seo a leanas na tionscadail taighde a coimisiúnaíodh i 2014:

Bia a bhainistiú le linn obair seala
Ba é Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath a rinne an tionscadal seo. Mhair an tionscadal seo 18.5 mí ó Feabhra 2014 go Lúnasa 2015.

Na ceisteanna a tháinig chun cinn: Anailís ar Escherichia coli véaraicíteatocsaigineach ar oileán na hÉireann
Ba é Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí a rinne an tionscadal seo. Mhair an tionscadal seo sé mhí ó Lúnasa 2014 go Feabhra 2015.

Próifíliú riosca Listeria i mbianna réidh le n-ithe agus straitéisí rialaithe agus idirghabhálacha praiticiúla a chinneadh.
Tá an tionscadal seo á dhéanamh ag an Institiúid Agraibhia agus Bitheolaíochtaí. Mairfidh an tionscadal 24 mhí ó Nollaig 2014 go Nollaig 2016, nuair a mheastar go mbeidh críoch leis.

Iompar tomhaltóirí a thuisint i gcás úsáid díghalráin láimhe agus a éifeachtúla atá siad a fháil amach.
Ba í Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, a rinne an tionscadal seo. Mhair an tionscadal seo sé mhí ó Lúnasa 2014 go Feabhra 2015.

Slándáil bia i gcás an tomhaltóra ar oileán na hÉireann atá íogair ó thaobh bia.
Ba í Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, a rinne an tionscadal seo. Mhair an tionscadal seo naoi mí ó Nollaig 2014 go Lúnasa 2015.

Imscrúdú ar nua-theicneolaíochtaí chun modhanna tapa agus éifeachtúlacha ó thaobh costais a sholáthar chun gníomhú in aghaidh calaois bia.
Is í Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, atá i mbun an tionscadail seo. Mairfidh an tionscadal seo 24 mí ó Shamhain 2014 go Deireadh Fómhair 2016.

Tionchar scileanna cócarála agus scileanna gaolmhara ar a shláintiúla atá an aiste bia.
Is í Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, atá i mbun an tionscadail seo. Mhair an tionscadal seo 18 mí ó Mhárta 2014 go Lúnasa 2015.

Seo a leanas na tionscadail taighde a tugadh chun críche i 2014:
• Sraith Cothaithe Beir Leat
• Staidéar ar Chuisneoirí Teaghlaigh ar oileán na hÉireann – Rialú Teochta, Dearadh agus Cleachtais Tomhaltóra.

Is é an taighde an bonn le mórchuid d'obair na heagraíochta, cibé mar bhonn le feachtais nó ag méadú fheasacht an phobail nó ag díriú ar bhearnaí eolais. Nuair a thugtar tionscadal taighde chun críche, foilsítear an tionscadal ar shuíomh gréasáin ***safe*food**.

Foilseacháin Taighde
Athbhreithniú bunaithe ar thomhaltóirí ar iompar na bhfear maidir le bia
Tá níos airde ná riamh á díriú ar ualach na drochshláinte i measc na bhfear i mórchuid de thíortha an Iarthair. San Eoraip agus lasmuigh de, tá treoir á tabhairt ag Poblacht na hÉireann chun beartas náisiúnta ar shláinte na bhfear a cheapadh.

I bhformhór thíortha an domhain, is faide ionchas saoil na mban ná na bhfear. Ar an tslí chéanna, ar oileán na hÉireann, d'ainneoin méaduithe le déanaí ar ionchas saoil na bhfear, is airde i gcónaí rátaí báis na bhfear de gach aois agus de bharr gach cúis as a leanann bás. Áirítear ar na príomhcheisteanna sláinte d'fhir galair imshruthaithe, cineálacha ailse agus galair riospráide. Maidir le bia agus sláinte, aibhsíodh an murtall mar mhórábhar buartha i dtaca le sláinte na bhfear.

Ní hé cuspóir na tuarascála seo fir a chur i gcomparáid le mná nó fir a spreagadh chun aithris a dhéanamh ar mhná maidir le hiompar bia agus sláinte. Ina ionad sin, is é an sprioc moltaí a sholáthar chun cur le cumarsáid, acmhainní, idirghabhálacha, oideachas agus seirbhísí maidir le bia atá dírithe ar bhuachaillí agus ar fhir.

An tuiscint atá ag tomhaltóirí ar cad is sciar bia ann.
Choimisiúnaigh ***safe*food** an staidéar seo chun imscrúdú a dhéanamh ar an tuiscint atá ag tomhaltóirí ar oileán na hÉireann ar cad is sciar bia ann, ar mhaithe le comhairle shoiléir phraiticiúil a thabhairt do thomhaltóirí ar cad is sciar bia ann. Deimhníodh i suirbhéanna a rinneadh le deireanas ar aistí bia ar oileán na hÉireann go bhfuil gaol idir sciarthaí móra bia agus rólongadh i ndaoine fásta agus i leanaí.

I láthair na huaire, is beag eolais atá ann ar thuiscint an tomhaltóira ar cad is sciar bia ann agus ar iompar an tomhaltóra maidir leis sin. Tá beirt as gach triúr duine fásta róthrom nó murtallach i láthair na huaire, mar sin ní mór díriú ar an bhfadhb seo chun tacú le tionscnaimh sláinte phoiblí a cheapfar amach anseo agus ionas
go mbeidh méideanna sciartha bia ina gcuid dhílis den straitéis fhoriomlan chun murtall a laghdú.

Tionchar an athraithe aeráide ar shabhháílteacht bia: Dearcadh oileán na hÉireann
Choimisiúnaigh ***safe*food** an Institiúid um Slándáil Bia Domhanda ag Ollscoile na Banríona, Béal Feirste, chun athbhreithniú bunaithe ar an litríocht a dhéanamh, a d'fhéachfadh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an athrú aeráide ar shábháilteacht bia ó thaobh oileán na hÉireann de. D'fhéach an t-athbhreithniú leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an athrú aeráide ar shábháilteacht bia agus ar shláinte an phobail a mheasúnú i gcás pobail ar an oileán agus chun béim a leagan ar na réimsí sin den slabhra bia is mó a bheadh i mbaol agus chun bearta a mholadh a mhaolódh an tionchar sin. Tá an t-athbhreithniú tugtha chun críche agus is é an measúnú is cuimsithí a rinneadh riamh é ar dheacrachtaí a bhaineann le haeráid maidir le táirgeadh bia sábháilte.

Scileanna bia: Sainmhínithe, tionchar agus an ghaol leis an tsláinte
Tá an áisiúlacht tagtha chun cinn mar phríomhthoisc i roghanna bia tomhaltóirí, agus de bharr roinnt tosca sóisialta agus comhshaoil is lú ama ná riamh a chaitear sa chistin. Is iomaí toradh atá ag méadú ar iontógáil fuinnimh agus iompar neamhghníomhach ar an tsláinte, lena n-áirítear meáchan breise, murtall agus riosca méadaithe de ghalair

neamhtheagmhálacha a tholg. Bunaithe ar na bunathruithe seo ar ár nósanna bia agus ar an timpeallacht, tá sé in am athmheasúnú a dhéanamh ar 'scileanna bia' ar oileán na hÉireann agus ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na scileanna sin ar ár n-aiste bia agus ar shláinte an phobail.

Nanaiteicneolaíocht sa tionscal agraibhia ar oileán na hÉireann: Feidhmeanna, deiseanna agus dúshláin
Níl sa nanateicneolaíocht ach próiseáil ábhar ar leibhéal fo-mhicreascópach. Tá an scála ar a ndéantar sin an-bhídeach - is ionann nanaiméadar agus an billiúnaí cuid de mhéadar - thar ar an gcéadú míliú cuid de ribe gruaige. Leis an teicneolaíocht sin is féidir raon iomlán airíonna agus feidhmeanna atá an-inmhianaithe ar fad a fhorbairt agus tá sé curtha i bhfeidhm cheana féin i raidhse feidhmeanna amhail an innealtóireacht, an mhiotalóireacht, leigheas agus na tionscail cheimiceán agus bia.

Athbhreithnítear sa tuarascáil seo feidhmeanna, deiseanna agus dúshláin nanaiteicneolaíochta do thionscal an agraibhia ar oileán na hÉireann. Imscrúdaíodh leibhéal feasachta reatha an tionscail agus na braistintí maidir le bia agus feidhmeanna a bhaineann le bia trí shuirbhé cháilíochtúil ar phearsanra thionscal an bhia a rinneadh in agallaimh duine le duine agus in agallaimh theileafóin, agus i suirbhé ar líne a scaipeadh ar líon mór den spriocghrúpa.

Sonraítear, leis, sa tuarascáil an toradh ar athbhreithniú ar an litríocht maidir leis na himpleachtaí a ghabhfaidh le cur i bhfeidhm na nanaiteicneolaíochta ar tháirgeadh bia ó thaobh sláinte, rogha agus muinín tomhaltóirí. Breithníodh, leis, roghanna féideartha cumarsáide a chothódh iontaoibh agus a d'fhéadfadh cur le muinín tomhaltóirí sa teicneolaíocht.

Dearcaí an phobail i leith beartais chun díriú ar mhurtall
Is fadhb mhór sláinte poiblí é i gcónaí in Éirinn agus ar fud an domhan dearcaí an phobail i leith beartais chun díriú ar mhurtall agus ar an ualach gaolmhar sláinte phoiblí. D'fhéach an taighde seo le féachaint cén tacaíocht a thabharfadh an pobal do raon beartas fioscacha (cánacha agus fóirdheontais) agus
neamhfhioscacha chun díriú ar an murtall in Éirinn. Chuige sin, rinneadh suirbhé ar dhearcaí i leith beartas murtaill i measc sampla de dhaoine fásta in Éirinn, a bhí ionadaíoch go náisiúnta.

Taighde ar Thomhaltóirí
Déantar taighde rialta ar thomhaltóirí chun a fháil amach cad iad na hábhair a bhfuil tábhacht leo do thomhaltóirí. Cuirtear na torthaí taighde seo ion iúl do thomhaltóirí agus déantar moltaí ag éirí as na torthaí seo.

## Lionraí
Rinne líonraí ***safe*food** timpeallachtaí dinimiciúla agus tairbhiúla chun eolas a mhalartú chun leas frithpháirteach geallsealbhóirí.

2,700: Líon na ngairmithe sábháilteachta bia atá ina mbaill de Líonraí Eolais ***safe*food**.
72 físeán sábháilteachta bia ar fáil 24/7 ar shuíomh gréasáin Líonraí Eolais ***safe*food**.
10 gcinn de Thionscnaimh Bia Pobail a chuireann lena infhaighte, inacmhainne agus inrochtaine atá bia sláintiúil do ghrúpaí ar ioncam íseal ar leibhéal áitiúil.
14 Mhaoinigh Clár Oiliúna agus Soghluaisteachta ***safe*food** oiliúint bhreise ar son 14 gairmí bia le linn 2014.

De bharr an tsuímh uathúil thuaidh/theas atá ag ***safe*food** cuirtear chun cinn comhoibriú

agus nascaíochtaí le geallsealbhóirí san Eolaíocht Bia agus i Sláinte agus i gCothú an Duine chun cur le hiomláine an tslabhra bhia agus chun sláinte an phobail a fheabhsú.

Líonraí Eolais
Leis na Líonraí Eolais féachtar le timpeallacht dhinimiciúil thairbheach a chruthú chun eolas faoi shábháilteacht bia a mhalartú chun leas frithpháirteach na mball. Féachann siad leo siúd atá bainteach le cruthú agus feidhmiú eolais agus forbairt beartais a thabhairt le chéile chun tacú le sábháilteacht bia agus í a fheabhsú.

Cuireann Líonraí Eolais ***safe*food** deis ar fáil do bhaill chun:
• Líonrú le os cionn 2,700 gairmí sábháilteacht bia ag imeachtaí nó ar líne
• Leas a bhaint as acmhainní agus léirithe speisialaithe sábháilteachta bia
• Iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú chun a scileanna gairmiúla a fhorbairt
• Bheith cothrom le dáta leis na forbairtí is déanaí
• Freastal ar imeachtaí saor in aisce ag a mbeidh saineolaithe ón oileán ar fad agus saineolaithe idirnáisiúnta i láthair
• Dul isteach i ngrúpaí speisialaithe a dhíríonn ar réimsí difriúla den tsábháilteacht bia.

Seacht gcinn de Líonraí Eolais atá ann
An Lionra Bith-thocsainí
An Líonra Campalabaictéir
Líonra na nIarmhar Ceimiceach
An Líonra um Ailléirgí Bia agus Éadulaingt ar Bhia
Líonra Listeria
Líonra Salmonella
Líonra Escherichia coli véaraicíteatocsaigineach (VTEC)

I 2014 d’iarr ***safe*food** tairiscintí ó chuideachta a chuirfeadh nuachlitir chumais ar fáil do na líonraí Salmonella, Listeria, Campalabaictéir agus VTEC, a bhfoilseofaí an chéad eagrán de i mí Dheireadh Fómhair. Foilseofar trí eagrán de ‘The Food Chain’ gach bhliain, i bhfoirm chlóite agus i bhfoirm leictreonach, agus san áireamh ann beidh nuashonruithe ar thaighde, agallaimh le gairmithe sábháilteachta bia i ngach earnáil, scéalta nua agus imeachtaí.

Imeachtaí Líonraí Eolais
Comhdháil Líonra Eolais Bith-thocsainí
Eagraíodh comhdháil agus ceardlann theicniúil bhliantúil an Líonra Eolais Bith-thocsainí an 7 Samhain in Ostán an Clarion, Baile Átha Cliath, agus d’fhreastail 30 toscaire agus le cois air. Eagraíodh an chomhdháil i gcomhpháirtíocht le hOllscoil na hBanríona, Béal Feirste, agus ba é an príomohchuspóir ‘Córais luathrabhaidh chun éilliú sliogéisc le bith-thocsainí a bhrath’ a phlé. Chlúdaigh na cainteoirí raon leathan topaicí lena n-áirítear monatóireacht agus brath i gcás éilliú sliogéisc le micreagair RNA, bithbhraitheoirí leictreicheimiceacha le haghaidh brath tocsainí agus diagnóiseach ilphéacs eile le haghaidh anailís ar thocsain sliogéisc.

Comhdháil Líonra Eolais na nIarmhar Ceimiceach
Eagraíodh comhdháil bhliantúil Chomhdháil Líonra Eolais na nIarmhar Ceimiceacha an 17 Samhain ag Óstán Wellington Park, Béal Feirste, agus bhí 79 toscaire i láthair. Ba é téama an chruinnithe dul chun cinn a rinneadh le deireanas in anailís spriocdhírithe agus neamh-spriocdhírithe ar bhia inar díríodh ar cheisteanna maidir le fíordheimhneacht, inrianaitheacht, truailliú agus éilliú sa slabhra bia ar oileán na hÉireann ó thaobh a dtionchar ar an ngeilleagar. Rinne beirt saineolaí idirnáisiúnta mar aon le taighdeoirí ó Phoblacht na hÉireann agus ó Thuaisceart Éireann léirithe.

Comhdháil Bhliantúil Líonra Campalabaictéir
Eagraíodh comhdháil bhliantúil Chomhdháil Bhliantúil Líonra Campalabaictéir an 26 Meitheamh i Muineacháin. Ba é an téama 'Campalabaictéar – An eol duit na fadhbanna?' Bhí slua mór ón tionscal bia, ó tháirgeoirí príomhúla agus ó thaighdeoirí i láthair ag an ócáid spriocdhírithe seo. Murab ionann agus imeachtaí eile tugadh cuairt ar fheirm sicíní grisce chun tuiscint ar na bearta bithshlándála atá i bhfeidhm a thabhairt dóibh siúd nach n-oibríonn sa réimse seo. I measc na bpríomhcheisteanna a pléadh bhí rialú Campalabaictéir feadh an tslabhra éineola; bithshlándáil agus sláinteachas, vacsainí, cóireáil uisce agus beathaithe, baictéarafagach, próibhitheach agus baictéaraicíní – staid na teicníochta agus na húsáidí tráchtála a d'fhéadfaí a bhaint astu. Pléadh, leis, oiliúint agus oideachas do lónadóirí agus do thomhaltóirí agus an bhearna idir faisnéis a chur ar fáil agus athrú ar iompair a spreagadh.

Líonra Eolais Campalabaictéir - Comhdháil Speisialta
Óstáladh comhdháil speisialta Campalabaictéir i gcomhar le Líonraí Eolais ***safe*food**, Ionad Taighde Bia Theagasc agus Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. I dTeagasc i mBaile an Ásaigh, Baile Átha Cliath, a bhí an comhdháil, an 10 Samhain. Ba é príomhthéama na comhdhála cláir rialaithe Campalabaictéir i gcúrsaí éineola. Ina cháil mar údarás Thuaidh/Theas cuireann ***safe*food** comhar agus nascaíochtaí le geallsealbhóirí chun cinn. in Eolaíocht an Bhia agus i Sláinte agus i gCothú an duine chun iomláine an tslabhra bhia agus sláinte an phobail a fheabhsú.

Phléigh saineolaithe ón Iorua, ón tSualainn agus ón Danmhairg na cláir rialaithe ina dtíortha féin agus thug gearrchuntas ar na bearta atá i bhfeidhm ó thaobh bithshlándála, tastáil mhicribhitheolaíoch agus rialú próiseas.

Bhí líon mór i láthair ag an gcomhdháil - os cionn 70 toscaire ón tionsclaíocht, acadamh, ionaid taighde, geallsealbhóirí, taighde meán, gníomhaireachtaí rialála, na meáin agus geallsealbhóirí eile.

An Líonra um Ailléirgí Bia agus Éadulaingt ar Bhia
Bhí a chomhdháil bhliantúil ag Líonra um Ailléirgí Bia agus Éadulaingt ar Bhia ***safe*food** an 21 Márta i mBaile Átha Cliath. Seisiúin iarnóin le haghaidh gairmithe sláinte agus seisiún tráthnóna le haghaidh tomhaltóirí a bhí i gceist san ócáid. Bhí os cionn 70 duine i láthair ag an dá sheisiún.
Ba iad na cainteoirí ag an dá sheisiún:
- An tOllamh Jonathan Hourihane, Ceann Roinn, Péidiatric & Sláinte Leanaí, Ollscoil Chorcaí a phléigh a choitianta atá ailléirgí ar oileán na hÉireann
- An Dr Andrew Clark, Ceann Sheirbhísí Péidiatrice Leanaí, Ospidéal Addenbrookes, Cambridge a rinne cur síos ar a staidéar ar a imdhíon-teiripe le haghaidh ailléirge pis talún, staidéar a tuairiscíodh le déanaí.

Thug Lorraine Mooney, agus a hiníon Mary-Kate a fuair imdhíon-teiripe, a dtuairimí pearsanta ar an bpróiseas.

An Líonra um Ailléirgí Bia agus Éadulaingt ar Bhia
Comhdháil agus Seimineáir Faisnéise
D'óstáil an Líonra um Ailléirgí Bia agus Éadulaingt ar Bhia cruinniú i gcompháirtíocht leis an Institúid um Eolaíocht agus Teicneolaíocht Bia, an Food Standards Agency (FSA) i dTuaisceart Éireann, the College of Agriculture, Food and Rural Enterprise (CAFRE) and Co-operation and Working Together (CAWT), an 18 Deireadh Fómhair i Loughy Campus CAFRE, An Chorr Chríochach. Díríodh ar na Rialacháin nua um Fhaisnéis Bia a thiocfaidh i bhfeidhm an 13 Nollaig 2014, go háirithe na riachtanais nua do lónadóirí ó thaobh faisnéis faoi ailléirgí a sholáthar dá gcustaiméirí. Bhí os cionn 150 toscaire i láthair ó raon leathan institiúidí

lónadóireachta ar nós bialann, óstán, caiféanna, ospidéal, tithe altranais, mar aon le táirgeoirí béilí ullmhaithe agus comhairlí dúiche.

Tar éis an ócáid ar éirigh leis ag an gCorr Chríochach, d'óstáil Líonra FAFI imeachtaí den saghas céanna le haghaidh toscairí Phoblacht na hÉireann leis an Institiúid um Eolaíocht agus Teicneolaíocht an Bhia in Éirinn (IFSTI). Ba in Óstán Spencer i mBaile Átha Cliath a bhí an chéad seimineár, i gcomhpháirtíocht le hÚdarás Sábháilteacht Bia na hÉireann agus an IFSTI. Bhí 150 toscaire i láthair ó gach cuid de cheird na lónadóireachta agus ó ghnóthais bia eile. I ngeall ar an tsuim sa cheist seo, agus mar ar éirigh le hócáidí roimhe seo, eagraíodh an tríú seimineár rathúil an 2 Nollaig in Óstán Radisson, i gCorcaigh. D'fhreastail os cionn 80 toscaire ó cheird na lónadóireachta agus ó ghnóthais bia eile i gceantar na Mumhan ar an ócáid sin.

Comhdháil Bhliantúil Líonra Listeria
Eagraíodh Comhdháil Bhliantúil Líonra Listeria in Óstán Crowne Plaza, Baile Átha Cliath, an 16 Meán Fómhair. Bhí os cionn 90 toscaire i láthair ó réimsí taighde, sláinte phoiblí agus bia. Ba í Marianne Halberg-Larsen, Ollscoil Chóbanhávn na Danmhairge a thug an phríomhóráid, i dtaobh minicíocht agus friotaíocht antaibheachach an L. monocytogenes sa Danmhairg, agus an ráig Listeria a tharla ansin le deireanas. Phléigh na toscairí trialacha dúshláin, agus tionchar na dteicnící éagsúla próiseála ar mharthanacht Listeria.

Ceardlann Listeria
Bhí ceardlann ag Líonra Eolais Listeria ***safe*food**, i gcomhpháirtíocht le CAFRE, le haghaidh daoine nach micribhitheolaithe iad chun feasacht a mhúscailt ar bhuncheisteanna maidir le sláinteachas bia maidir le Listeria monocytogenes i dtimpeallacht próiseála bia. Ar Champas Loughra, i gCorr Chríochach a bhí sé, an 19 Feabhra, agus bhí os cionn 40 duine rannpháirteach ann.

Líonra Eolais Salmonella - Comhdháil Bhliantúil
D'fhreastail 40 toscaire agus le cois ar chomhdháil Líonra Eolais Salmonella ***safe*food** ar an 9 Aibreán in Ionad Comhdhála an Chnoic, Béal Feirste. Ba é an Dr Antonio Valero Diaz ó Ollscoil Cordoba a thug an phríomhóráid, ina ndearna sé cur síos agus léiriú ar uirlis bhogearraí is féidir a úsáid chun gnáthaimh shamplála a dhearadh do phataiginí ar leith i mbia. Pléadh, leis, rialú Salmonella i mbeathach, agus eipéimeolaíocht ionfhabhtuithe Salmonella i dTuaisceart Éireann.

Comhdháil Líonra VTEC
I mBaile Átha Cliath an 21 Deireadh Fómhair a bhí cruinniú Líonra VTEC. Bhí freastal maith air agus thug 120 ball tuairimí uathu ar an topaic 'Ról na timpeallachta táirgthe príomhúla agus an uisce i gcás trais-seoladh VTEC go daoine.' Chuir saineolaithe idirnáisiúnta a gcuid saothar i láthair, chomhroinn siad smaointe agus mhúscail feasacht trí dhíriú ar raon fadhbanna m.sh. tosca a mbíonn tionchar acu ar mharthanacht chomhshaoil agus trais-seoladh VTEC agus éilliú baictéarach i dtobair phríobháideacha i bPoblacht na hÉireann.

Le cois na seacht Líonra Eolais, eascaíonn ***safe*food** na líonraí seo a leanas:

Tionscnaimh Bia Pobail
Ba é 2014 an dara bliain de chlár trí bliana de Thionscnaimh Bia Pobail. Thóg an dara céim seo ar an gcéad chlár de thionscnaimh Bia Pobail idir 2010-2012.

Féachtar sna Tionscnaimh Bia Pobail le tionchar dearfach a imirt ar nósanna itheacháin na dteaghlach ar an ioncam is ísle trí dhíriú ar na bacainní ar aiste bia sláintiúil agus tacú le teacht níos ginearálta ar bhia inacmhainne sláintiúil ar leibhéal áitiúil. San iomlán, cuireann

tionscnaimh bia pobail an dea-shláinte chun cinn, tríd é a dhéanamh níos fusa do dhaoine roghanna sláintiúla bia a dhéanamh.

Tá deich gcinn de thionscnaimh bia pobail ar oileán na hÉireann faoi láthair, á maoiniú ag ***safe*food**, mar chuid de chlár Thionscnaimh Bia Pobail 2013-2015.

Seo iad cuspóirí chláir na dTionscnamh Bia Pobail 2013-2015:
- Deich gcinn de thionscnaimh bia pobil a mhaoiniú ar fud oileán na hÉireann, i dtréimhse trí bliana
- Tacaíocht theicniúíl agus oilíúint chomhchoiteann a chur ar fáil mar aon le líonrú a éascú
- Tionscadail a spreagadh chun inbhuanaitheacht a chur san áireamh ó thús deireadh an chláir
- Foghlaim chomhroinnte a chur chun cinn i measc tionscnaimh bia pobail ar oileán na hÉireann
- Ceachtanna beartais agus dea-chleachtais ón gclár a aithint agus feasacht orthu a mhúscailt
i measc phríomh-gheallsealbhóirí ar fud oileán na hÉireann.

Tionscnaimh éagsúla iad seo, cé go bhfuil sé d'aidhm acu uile nósanna itheacháin níos sláintiúla a chur chun cinn i measc na rannpháirtithe agus as sin i measc an phobail i gcoitinne.

Líonra Tearcrochtain Bia Uile-Oileán
Is é a thuigtear le tearcrochtain bia easpa cumais ag duine cothú leordhóthanach a fháil. Ceist shuntasach í do mhórchuid daoine ar oileán na hÉireann.

Cé go mbraitear gur fadhb mhór é a chostasaí atá bia sláintiúil, ceist chasta is ea easpa aiste bia folláin, a bhfuil tionchar aici ar chúrsaí oideachais, iompair, litearthachta, cultúir agus pleanáil comhshaoil. Deitéarmanant ginearálta eile sláinte, amhail drochthithíocht, eisiamh sóisialta agus ardráta coireachta, is ea tearcrochtain bia.

I gcomhar le geallsealbhoirí eile ar an oilean, tá ***safe*food** ag díriú ar thearcrochtain bia tríd an abhcóideacht, an bonn fianaise a mhéadú agus tacú le tionscnaimh pobail.

Is é aidhm an Líonra Tearcrochtain Bia Uile-Oileáin tacú le cur chuige straitéiseach comhordaithe i leith dul i ngleic le tearcrochtain ar bhia ar oileán na hÉireann trí chomhthoil a fhorbairt ar cheisteanna gaolmhara, ar chomhoibriú agus ar fhoghlaim chomhroinnte. Bunaíodh an líonra seo i 2009, agus is é ***safe*food** agus an Food Standards Agency i dTuaisceart Éireann atá i gceannas air.

Sa líonra tá grúpaí ionadathe ó ranna agus gníomhaireachtaí rialtais, lucht léinn agus eagraíochtaí neamhrialtasacha atá ag iarraidh tearcrochtain bia a laghdú ar oileán na hÉireann. Cuirtear fáilte mar bhaill roimh eagraíochtaí ar spéis leo teacht le chéile go rialta chun líonrú a dhéanamh, taithí agus eolas a chomhroinnt chomh maith le dul i mbun oibre chun an bonn fianaise a mheadú, chun díriú ar thearcrochtain bia ar an oileán a laghdú,

Bhí dhá chruinniú oifigiúil ag an Líonra Tearcrochtain Bia i 2014 agus bhí cruinnithe ag foghrúpaí ag amanna eile sa bhliain. Bhí an chéad chruinniú ann Dé Máirt 24 Meitheamh agus áiríodh air ceardlann maidine inar chualathas tuairimí raon geallsealbhoirí i réimse na tearcrochtaine bia ar oileán na hÉireann. Tionóladh gnáthchruinniú gnó an Líonra, leis, an mhaidin sin.

Trí cinn de léirithe a bhí sa cheardlann:

• An úsáid a baineadh go dtí seo as an Táscaire Tearcrochtaine Bia (an Roinn Coimirce Sóisialaí)
• Tionscnaimh um Bia Sláintiúil do Chách agus um Bia Pobail (HFfA)
• Dearcadh uile-oileáin de Thaighde ar an gCiseán Bia (Comhpháirtíocht na nUinseannach um Cheartas Sóisialta).

Eagraíodh an dara cruinniú den bhliain an 3 Samhain mar ar cuireadh tús le ceardlann oscailte in Aibreán/Bealtaine 2015 a phleanáil, ina bpléifí príomhphíosaí taighde atá le foilsiú, lena n-áirítear athbhreithniú ar bhliain a haon de na tionscnaimh bia pobail; táscaire tearcrochtaine bia ó Thuaisceart Éireann agus torthaí ar thaighde ar chostas ciseán bia ón dá dhlínse, a rinne ball-eagraíochtaí. Tá i gceist an cheardlann seo a reáchtáil i dTuaisceart Éireann.

Fóram um Ghníomhaíocht Uile-Oileán ar Mhurtall
Bunaíodh an Fóram seo i 2008 chun tacú le cur chun feidhme na mbeartas murtaill i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann araon. Tugtar le chéile san fhóram raon leathan geallsealbhóirí ó bhreis is 31 eagraíocht. Ó réimsí an bhia agus na gníomhaíochta fisicí araon a thagann na baill. Trí mhalartú dea-chleachtais a éascú agus líonrú agus comhoibriú a chur chun cinn, is ardán idéalach ar oileán na hÉireann é an fóram le haghaidh comhpháirtíochta agus
obair chomhtháite.

Faigheann an fóram tacaíocht ó fhoilsiú an ríomhfheashacháin 'The All-Ireland Obesity News' ina gcuirtear chun cinn comhroinnt na faisnéise agus malartú an dea-chleachtais. Foilsíodh sé eagrán i 2014.

Bíonn ceardlanna dé-bhliantúla ag an bhfóram.

Ba é murtall i measc máithreacha topaic an chéad Fhóraim um Ghníomhaíocht Uile-Oileán ar Mhurtall. Eagraíodh é an 17 Meitheamh in Óstán Stormont, Béal Feirste, agus bhí 89 toscaire i láthair. Aibhsíodh sna himeachtaí impleachtaí an mhurtaill do mháithreacha agus idirghabhálacha reatha atá á ndéanamh ar oileán na hÉireann. Cuireadh i láthair, leis, taighde a rinneadh le deireanas ar ghníomhaíocht fhisiceach agus ar thoircheas agus tugadh dearcadh mná cabhrach leis, ar na dúshláin phraiticiúla a ghabhann le murtall i measc máithreacha.

Tionóladh an dara ceardlann den bhliain 'All-island Obesity Action Forum: Candy-coated Marketing (Fóram um Ghníomhaíocht Uile-Oileán ar Mhurtall: Margaíocht faoi chumhdach Milis)' an 11 Samhain 2014 in Óstán Gibson, Baile Átha Cliath. Díríodh sa cheardlann ar mhargú bianna do pháistí, lena n-áirítear an urraíocht a thugann cuideachtaí bia agus dí d'imeachtaí spóirt. Ba é an Dr Joao Breda ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte a thug an phríomhóráid agus labhair sé ar mhurtall óige san AE, pleananna todhchaí do thionscnaimh AE agus an ceangal idir sin agus an mhargaíocht.

Díríodh i léirithe eile ar:
• An mhargaíocht a dhéantar ar bhianna do pháistí (go háirithe bianna 'neamhshláintiúla') agus an tuiscint atá ag leanaí ar oileán na hÉireann ar an bhfógraíocht.
• Straitéisí margaíochta urraithe na gcluichí Oilimpeacha agus Comhlathais, agus urraithe deochanna boga, agus na margaí urraíochtaí ata laistiar díobh.

## Feachtais
Le feachtais ildisciplíneacha ***safe*food** cumhachtaítear daoine aonair leis an eolas chun tionchar dearfach a bheith acu ar iompar.

**An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia**
**Cuntais don Bhliain dar críoch an Dé Céadaoin 31 Nollaig 2014**

Uimh. 1 Is é ***safe*food** an phríomheagraíocht a shamhlaíonn tomhaltóirí ar oileán na hÉireann le sábháilteacht bia.
+3.9%/ +4.9% Shroich feachtas 'Ná nigh an sicín' 3.9% de ráta rannpháirtíochta ar Twitter agus 4.9% ar Facebook.
273,754 cuairt ar líne ar mhol feachtais Mhurtall Óige de chuid ***safe*food** le linn 2014.
520,000 ar an meán de lucht féachana don tsraith teilifíse Operation Transformation, a urraíonn ***safe*food**.

Cuireann ***safe*food** chun cinn teachtaireachtaí corparáideacha na heagraíochta do chineálacha éagsúla luchta féachana ar na slite is éifeachtaí. Cuirtear na príomhtheachtaireachtaí maidir le sábháilteacht bia, sláinteachas bia agus cothú in iúl le meascán d'fhógraíocht, caidreamh poiblí, caidreamh leis na meáin, gníomhaíochtaí agus imeachtaí tionscnaimh, margaíocht dhíreach, foilseacháin, urraíocht, suíomh gréasáin, meáin shóisialta agus líne cabhrach ***safe*food**.

Feachtas murtaill óige
Díríodh i bhfeachtas chomhthaite margaíochta ***safe*food** maidir le murtall óige ar chabhrú le tuismitheoirí:
• Deochanna níos sláintiúla a roghnú
• An rud is scair bia oiriúnach a thuiscint
• Nósanna siopadóireachta a athrú
• A bheith níos gníomhaí
• Níos lú bianna sóite a cheannach

Bianna sóite
In Eanáir 2014 sheol ***safe*food** céim theachtaireacht 'sóite' an fheachtais. Thaispeáin an taighde gur as bianna 'sóite' inar beag cothú nó cothú ar bith atá iontu, a fhaigheann páistí 20% dá gcalraí laethúla agus go n-itheann leanaí ar an meán 16g de bhianna sóite sa bhliain.

San fheachtas áitíodh ar thuismitheoirí:
• 'Ní chéannóidh' a rá i gcás milseán, brioscaí agus criospaí
• Líon na mbianna 'sóite' a thugtar ag an mbaile a laghdú
• Nósanna snaiceanna níos sláintiúla a fhorbairt.

Díríodh san fheachtas ar an tsiopadóireacht agus ar 'ní cheannóidh' a rá le páistí le linn na siopadóireachta chun líon na mbianna sóite ag an mbaile a laghdú. Teachtaireacht shimplí a bhí ann; is fearr 'ní cheannóidh' a rá uair amháin le linn na siopadóireachta ná a bheith ag rá 'ní thabharfaidh' arís agus arís eile ag an mbaile. Cuireadh chun cinn é ar an teilifís, ar an raidió agus lasmuigh, agus bhí tacú ann dó sna meáin dhigiteacha.

Mar chuid den fheachtas d'iarr ***safe*food** ar na hollmhargaí móra 'crios saor ó mhilseáin' a dhéanamh de chrios na scipéad, trí shnaiceanna míshláintiúla a bhaint de na criosanna scipéad agus scuaine. Thacaigh an Seanadóir Fergal Quinn leis an nglao chun gnímh seo. I mBealtaine 2014 d'fhógair Tesco Ireland nach mbeadh milseán ar bith i gcrios na scipéad acu faoi dheireadh 2014. Is céim mhór chun tosaigh é sin a chabhróidh le tomhaltóirí roghanna níos sláintiúla a dhéanamh.

Ar shuíomh gréasáin ***safe*food** taispeánadh blaganna inar ofráileadh leideanna agus comhairle phraiticiúil do thuismitheoirí ar an tslí le bianna sóite a laghdú, comhairle ón

• Dr. John Sharry, oibrí sóisialta agus sícteiripeoir le taithí 25 bliain agus le cois mar ghairmeach meabhairshláinte a oibríonn le teaghlaigh. Is é an Dr. Sharry a bhunaigh an

carthanas Parents Plus trína bhforbraítear cúrsaí agus ábhair tuismitheoireachta a úsáidtear ar fud na hÉireann, agus

• Sheena Horgan, comhairleach meán agus margaíochta, a dhéanann sainchúram den óige agus den eitic, a rinne an clár faisnéise 'Is Childhood Shrinking?' agus a scríobh 'Candy-Coated Marketing.'

In Aibreán, dhírigh an feachtas ar a mhéadú ar ghníomhaíocht agus ar shnaiceanna níos sláintiúla a spreagadh.
Ar na buaicphointí bhí clúdach forleathan sna meáin mar aon le díospóireacht ar chúrsaí murtaill agus painéal plé ar 'Primetime' ar RTÉ 1 agus ar 'Ireland AM' ar TV3, agus forlíonadh speisialta san Irish Independent.

Chualathas an teachtaireacht faoi bhianna 'sóite' arís i mí Mheán Fómhair, le tacaíocht ón Aire Sláinte Leo Varadkar, Aire Leanaí & Gnóthaí Óige, James Reilly agus ón Aire Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteacht Phoiblí, Edwin Poots MLA.

Taispeánadh sna torthaí ar thaighde ar thomhaltóirí, a rinneadh i nDeireadh Fómhair 2014*:

D'aontaigh 70% d'fhreagróirí gur bhain na fógraí leo
D'aontaigh 71% gur spreag na fógraí iad chun smaoineamh ar shlí eile mar gheall ar conas murtall i leanaí a bhainistiú
D'aontaigh 81% de thuismitheoirí go raibh eolas nua sna fógraí faoin tslí le murtall óige a chosc.
D'aontaigh 74% gur chuir na fógraí ag smaoineamh iad faoin tionchar atá ag an gcineál bia a cheannaíonn siad dá leanaí ar na leanaí sin níos faide anonn.
*Torthaí ó fhógraí teilfíse 'Ollmhargadh'.

A bheith gníomhach
Bhí tacú don teachtaireacht faoi bheith níós gníomhaí go fisiciúil le fáil ar chaineil meán sóisialta leis an heais 'Bring Back Play.' I dTuaisceart Éireann, fuair an feachtas formhuiniú ón Dame Mary Peters agus ón iarpheileadóir idirnáisiúnta Gerry Armstrong. I bPoblacht na hÉireann, fuair an feachas formhuiniú ón láithreoir raidió Ray D'Arcy agus ó go leor den lucht spóirt agus de dhaoine iomráite.

Deochanna
Sa teachtaireacht ar dheochanna níos sláintiúla, díríodh ar uisce a thabhairt do pháistí in ionad deochanna siúcrúla. Sna gníomhaíochtaí agus san fhaisnéis a bhí ar fail ar sheastán ***safe*food** ag Seó Balmoral agus ag an gComórtas Treabhdóireachta, aibhsíodh an méid siúcra atá i ndeochanna a óltar gach lá.

I Meán Fómhair 2014, scaip ***safe*food**, i gcomhpháirtíocht leis an bhFundúireacht um Sláinte Déadach an póstaer 'Is there more sugar in this drink than you think?' (An bhfuil níos mó siúcra sa deoch seo ná mar a shílfeá?') ar bhreis is 2,500 oifig fiaclóra ar fud Phoblacht na hÉireann.

Tacú do ghairmithe sláinte
Chun cabhrú le dochtúirí teaghlaigh agus le haltraí sláinte poiblí chun murtall agus rómheáchan san óige a chosc agus a bhainistiú, mhaoinigh agus chomhoibrigh ***safe*food** le Coláiste Dhochtúirí Teaghlaigh Éireann chun paca foghlama cumaisc a fhorbairt. Ba iad Uachtaráin Choláiste Dhochtúirí Teaghlaigh Éireann agus an Royal College of General Physicians a sheol an acmhainn ag Comhairle an Choláiste i nDeireadh Fómhair agus tá sé ar fáil do dhochtúirí teaghlaigh agus dá bhfoirne cleachtais ar bhonn uile oileáin.

Murtall i measc daoine fásta
Lean ***safe*food** de bheith ag tacú le daoine fásta atá ag iarraidh meáchan a chailliúint tríd an gclár teilifíse 'Operation Transformation' a urrú. Meallann an clár 520,000 duine fásta ar an meán gach eagrán, agus craoltar é dhá uair sa tseachtain ar feadh ocht seachtaine. Is é a aidhm cabhrú le daoine fásta meáchan a chailliúint, a gcuid féinhmuiníne a mhéadú, athrú a dhéanamh ar a slí mhaireachtála agus a bheith sláintiúil i gcónaí.

Díríodh i dteachtaireachtaí ar na meáin shóisialta ar thacú leis na hathruithe ar iompair a cuireadh chun cinn sa tsraith teilifíse, agus chuaigh ***safe*food** i dteagmháil dhíreach leis an bpobal trí chomhráite a dhéanamh ar líne le daoine le linn gach seó. Mheall an leathanach Facebook 130,000 de lucht leanúna, ar 52,360 de mhéadú é ar 2013.

Thacaigh ***safe*food** le seisiúin reatha spraoi a d'eagraigh Operation Transformation i gCaisleán na Blarnan, Corcaigh agus i bPáirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath, agus ghlac baill foirne páirt trí dhul isteach sa rith, fógraí greannmhara a fhágáil feadh an bhealaigh agus gártha molta a thabhairt do na reathaithe.

Ba é ***safe*food** comhpháirtí urraithe Tesco Ireland ar 'Angeline's Home Cooks' ar clár nua teilifíse é ar TV3. Is í Angeline Ball a chuir i láthair é, agus is sraith sé chlár é ina gcuireann seisear de phríomhchócairí na tíre leideanna blasta ar fáil d'ábhair cócairí. Fuarthas amach, i dtaighde a rinne ***safe*food**, go mbíonn tionchar ag an gcumas cócaireála, mar aon le scileanna siopadóireachta, ar nósanna sláintiúla itheacháin, cáilíocht an aiste bhia agus sábháilteacht bia, rud a dhéanann difear don tsláinte iomlán. Thacaigh ***safe*food** leis an seó ar líne agus ar na meáin shóisialta le linn na sé seachtaine, le leideanna idirghníomhacha faoi nósanna sláintiúla itheacháin agus sábháilteacht bia don lucht féachana.

Feachtas sábháilteacht bia
Ná Nigh Sicín Amh
Is é an Campalabaictéar an chúis is coitianta ar oileán na hÉireann le nimhiú bia baictéarach. Tá Campalabaictéar le fáil i sicín agus i dturcaí amh agus in éineoil eile. Tá feachtas curtha i dtoll a chéile ag ***safe*food** i gcomhar leis an Food Standards Agency of Northern Ireland, chun an baol ionfhabhtaithe ó Champalabaictéar a laghdú trí chleachtais shimpli sábháilteachta bia a chur chun cinn maidir le conas sicín amh a láimhsiú.

Seoladh an feachtas i mí na Samhna agus ba é an phríomhtheachtaireacht do thomhaltóirí gan sicín amh a ní. Tugadh comhairle breise ar an tslí le sicín amh a láimhsiú, a ullmhú agus a stóráil.

Ritheadh an feachtas ar:
• 400+ póstaer clár fógraí in aice ollmhargaí
• 7,000+ hanla tralaí siopadóireachta ag an bpointe ceannaigh
• Láithreáin ghréasáin nuachta ardtráchta, láithreáin ghréasáin d'oidis bia agus suíomhanna gréasáin tuismitheoireachta.

Ar an tacaíocht dhigiteach a cuireadh ar fáil bhí:
• Úsáid cainéal sábháilteachta sóisialta sábháilte chun an teachtaireacht a chur abhaile agus teagmháil dhíreach bhreise a bheith acu leis an lucht féachana
• Blagálaithe bia a chur ar an eolas faoin bhfeachtas agus ábhair a chur ar fáil dá n-úsáid
• Comhairle phraiticiúil a sholáthar, físeáin vox pop a dhéanamh le tomhaltóirí, agallamh a dhéanamh le saineolaí ***safe*food** agus oidis sicín a bhfuil tóir orthu brandáilte leis an siombail 'Ná Nigh' ar shuíomh gréasáin ***safe*food**.

Tionchar an fheachtais
Ghlac 2,450+ duine sa suirbhé roimh an fheachtas
D'aontaigh 70% d'fhreagróirí an tsuirbhé go raibh sé níos dóchúla anois de bharr na teachtaireachta nach nífidís sicín
Laghdú de 20% i measc iad siúd atá bainteach le hullmhú bia a mhaígh go níonn siad sicín i gcónaí, i gcomparáid le 2013.
Dúirt 25% d'fhreagróirí go níonn siad sicín amh 'i gcónaí' i gcomparáid le 50% nach mór, roimh an fheachtas.
40% d'aitheantas den fheidhmiú lasmuigh, níos airde ná na sonraí normatacha i bPobacht na hÉireann
agus i dTuaisceart Éireann araon
D'aithin 2 as gach 5 thomhaltóir an fógra lasmuigh (norm lasmuigh de 35%)
D'aontaigh 77% ar oileán na hÉireann go raibh eolas nua sa teachtaireacht faoin tslí le caitheamh le sicín

Safetrak
Is clár taighde ar thomhaltóirí é Safetrak, a thomhaiseann feasacht an phobail ar fheachtais ***safe*food** mar aon le hábhair imní maidir le bia agus a dtionchar ar iompar tomhaltóirí. Rinneadh Safetrack i Samhain 2014.

16 thoradh ar Safetrak
• Aicmítear ***safe*food** i measc na dtrí phríomheagraíocht i bPoblacht na hÉireann is iontaofa mar fhoinse eolais ar nósanna itheacháin sábháilte
• Aicmítear ***safe*food** mar an phríomheagraíocht i bPoblacht na hÉireann is iontaofa mar fhoinse eolais ar nósanna itheacháin sábháilte
• Don dara bliain as a chéile ba é ***safe*food** an phríomheagraíocht a shamhlaigh daoine go spontáineach i dtaca le sábháilteacht bia ar oileán na hÉireann
• Bhí aithint lógó ***safe*food** láidir i gcónaí - d'aithin 83% de dhaoine é
• Is sna réimsí Iontaofa agus Eolach is treoise atá ***safe*food**.

## Oideachas
D'oibrigh ***safe*food** le geallsealbhóirí agus comhpháirtithe chun acmhainní nua a fhorbairt d'aoisghrúpaí éagsúla ar oileán na hÉireann.

1ú Sheol ***safe*food** agus an Food Standards Agency in Northern Ireland Eatright.eu, an chéad suíomh gréasáin scileanna bia uile-oileáin do thraenálaithe ag obair le lucht luathfhágála na scoile.
Rinne daltaí iarbhunscioile 3,249 scrúdú deimhnithe i sábháilteacht bia chun clár ***safe*food** for Life a chríochnú.
Scaipeadh 100,000 bileog faoi bhosca lóin sláintiúil saor in aisce ar bhunscoileanna.
Tugadh 55,508 cuairt ar roinn oideachais shuíomh gréasáin ***safe*food** chun raon acmhainní bunscoile agus iar-bhunscoile a cheadú.

Leis na hathruithe ar an slabhra soláthar bia agus ar shlite maireachtála, tá sé tábhachtach oideachas a chur ar dhaoine óga maidir lena thábhachtaí atá sábháilteacht bia, sláinteachas bia agus cothú. Aithníonn ***safe*food** an ról riachtanach atá ag múinteoirí ó thaobh nósanna a chothú i ndaoine óga, nósanna a mhairfidh ar feadh a saoil.

Eatright.eu
Fágann suas le déagóir amháin as gach cúigear an scoil go róluath, agus is féidir tionchar diúltach a bheith aige sin ar an tsláinte fhadtéarmach, de bhrí go bhfuil baint idir eolas teoranta ar nósanna itheacháin sláintiúla agus gníomhaíocht fhisiciúil ar fhadhb an mhurtaill

ar an oileán.

" Is eol dúinn ó bheith ag caint le daoine a d'fhág an scoil go róluath go bhfuil siad buartha faoina n-aiste bia agus faoina leibhéil gníomhaíochta fisiciúla. Forbraíodh Eatright.eu le hionchur ó dhaoine óga agus óna dtraenálaithe agus tástáladh leo é. Bhí an tástáil seo riachtanach de bhrí gur chabhraigh sé chun eolas a roghnú agus a chur i láthair ar an suíomh gréasáin, in áit ina raibh siad ar a gcompord. Is scil ar feadh an tsaoil é foghlaim faoi bhia agus tá súil go mbeidh an tsuim sin ag na daoine óga seo i gcónaí."
Cliodhna Foley Nolan

I mí Dheireadh Fómhair seoladh acmhainn nua dar teideal Eatright.eu chun cabhrú le lucht luathfhágála na scoile scileanna bia, amhail nósanna itheacháin sláintiúla agus sábháilteacht bia, a shealbhú. Ba é an chéad acmhainn saor in aisce ar líne a dearadh go sonrach do lucht luathfhágála na scoile ar oileán na hÉireann.

Gheofar in Eatright.eu bileoga eolais, grafaicí faisnéise, gníomhaíochtaí foirne agus aonair, cluichí ar líne, físeáin agus póstaeir chomh maith le hoidis. Is comhlánú é an clár ar churaclam maidir le cothú i suíomhanna luathfhágála na scoile ar shlí a chomhlíonann riachtanais chothaithe ar leith an ghrúpa seo, ag cur raon na gcumas, agus gnéithe liteartha agus freastail san áireamh.

Blaslóga
Rinne ***safe*food** cur i láthair ag Comhdháil Chumann na mBunmhúinteoirí i gCill Chainnaigh chun acmhainn Blaslóga a thaispeáint dóibh.

Reáchtáladh comórtas Bachlóga i Meán Fómhair chun an acmhainn a chur chun cinn do ranganna 3 agus 4 sna bunscoileanna uile. Úsáideadh acmhainn Bachlóga sa chomórtas agus fuair an rang a bhuaigh taispeántas cócaireachta ina scoil féin ón gCócaire Catherine Fulvio. Fuarthas 219 iontráil.

Acmhainn lipéadaithe
Leis na rialacháin nua faisnéise bia den AE atá á gcur chun feidhme i 2014 thug ***safe*food** and Food Standards Agency in Northern Ireland acmhainn lipéadaithe Thuaisceart Éireann 'What's on a label' (Cad a bhíonn ar lipéad?) chun dáta chun na hathruithe sin a chur san áireamh. Tá tacú san acmhainn seo, atá nasctha leis an gcuraclam, don Eacnamaíocht Bhaile ar leibhéil GCSE agus GCE. Scaipeadh an acmhainn nuashonraithe seo ar mheánscoileanna ar fud Thuaisceart Éireann.

Foilsíodh an dara eagrán de 'What's on a Label' (Céard a bhíonn ar lipéad?) le húsáid leis an tSraith Shóisearach agus leis na hIdirbhlianta i bPoblacht na hÉireann. San acmhainn seo gheofar samplaí praiticiúla d'fhaisnéis laethúil a chuirtear ar fáil ar lipéid, chun cabhrú le daltaí roghanna eolacha agus roghanna níos sláintiúla a dhéanamh. Scaipeadh dhá chóip den acmhainn ar gach iar-bhunscoil i bPÉ.

Luath-Óige Éireann
Chas ***safe*food** ar ionadaithe ó Luath-Óige Éireann ar mhaithe le acmhainní sábháilteacht bia agus nósanna itheacháin sláintiúla safefood a chur in oiriúint dá mbaill.

Mar chuid den tionscadal seo, d'óstáil ***safe*food** ceardlann ar cheisteanna bia agus cothaithe ag comhdháil bhliantúil Luath-Óige Éireann i bPáirc an Chrócaigh in Aibreán. As an bpróiseas seo forbraíodh acmhainn ghréasáin ar leith, 'Greimeanna Beaga' le haghaidh na hearnála cúraim agus oideachais luath-óige. Seoladh 'Greimeanna Beaga' i nDeireadh Fómhair 2014 agus tá eolas ann ar ailléirginí bia, sábháilteacht bia agus nósanna itheacháin sláintiúla.

Imeachtaí oideachais
D’fhreastail foireann ***safe*food** ar na hócáidí oideachais seo a leanas chun ár n-acmhainní a chur chun cinn.
• Comhdháil Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte an 4 Deireadh Fómhair.
• Cumann na Múinteoirí Eacnamaíocht Bhaile an 17 agus an 18 Deireadh Fómhair.

Bileoga bosca lóin
Scaipeadh os cionn 100,000 bileog bosca lóin ar bhunscoileanna i bPoblacht na hÉireann i Meán Fómhair agus i nDeireadh Fómhair. Lena chois sin, phriontáil an FSS 50,000 bileog le scipeadh tríd an Aonad um Chothú na Sláinte.

## Imeachtaí
Trí imeachtaí ***safe*food** eascaítear gairmaithe chun eolas a chomhroinnt agus cuirtear chun cinn teachtaireachtaí sábháilteachta bia, sláinteachais bia agus cothaithe do thomhaltóirí.
D’fhreastail 307 toscaire ó 25 tír ar an gComhdháil um Iomláine agus Inrianaitheacht Bia Asset 2014 faoi urraíocht ***safe*food**.
Thug 20,000+ tomhaltóir cuairt ar sheastáin ***safe*food** ag Seó Balmoral, ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta agus ar Sheó Bia agus Dí Thuaisceart Éireann.
1ú Bhuaigh cur i láthair ***safe*food** do Dhámh na Míochaine Sláinte i gColáiste Ríoga Lianna na hÉireann bonn an Dr Zachary Johnson.
31 Tugann an Fórum Uile-Oileáin ar Mhurtall le chéile geallsealbhóirí ó 31 eagraíocht chun dea-chleachas a mhalartú agus comhar a chur chun cinn.

Seó Balmoral
Ag seastán ***safe*food** ag Seó Balmoral díríodh aird ar na teachtaireachtaí faoi ‘Bheith Gníomhach’ agus ‘Deochanna Siúcrúla’ ón bhfeachtas Murtall Óige.

Thug tuairim agus 2,000 duine cuairt ar an seastán sna trí lá idir 14-16 Bealtaine 2014 agus ghlac siad páirt i raon gníomhaíochtaí lena n-áirítear hopscotch, húla húp, agus scipeáil. Chuir ***safe*food** comhairle ar thuismitheoirí agus ar sheantuismitheoirí ar an ócáid agus bhí an dhá ghrúpa an-tógtha leis agus bhain taitneamh as vótáil ar son a rogha cluiche. Chuaigh 400 duine, nach mór, isteach inár gcomórtas agus d'iarr trian, nach mór, teagmháil bhreise agus eolas i dtaobh ***safe*food**. Is toradh iontach é sin ar sheó an-ghnóthach. An Comórtas Náisiúnta Treabhadóireachta

Scaip ***safe*food** an teachtaireacht chéanna i dtaobh murtall i measc na hóige ag a seastán ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta idir 23-25 Meán Fómhair 2014, agus a scaipeadh ag Seó Balmoral.

Home Cooks LIVE
Mar thacaíocht dár clár teilifíse ‘Home Cook’s Academy’ ar TV3, d'eagraigh ***safe*food** agus Tesco Ireland cúig cinn de thaispeáintí intí i siopaí Tesco Ireland Extra ar fud na tíre. Thug sé sin deis do thomhaltóirí casadh ar roinnt de na cócairí is fearr sa tír, leideanna a fháil, scileanna cócarála a fhoghlaim agus cuid dá n-oidis blasta a bhlaiseadh.

Eagraíodh na taispeáintí i siopaí Tesco in Clarehall, Portlaoise, Fionnghlas, Clearwater, An Inbhear Mór agus Guaire idir 6 Meán Fómhair–11 Deireadh Fómhair 2014. Líonra Oidí Míochaine na hÉireann

(INMED)
D’fhreastail ***safe*food** ar an 7ú comhdháil bhliantúil de INMED ag Ollscoil na Banríona, Béal

Feirste, an 20 agus an 21 Feabhra 2014. Cuireadh an feachtas Murtall i measc na hÓige agus go háirithe na hacmhainní atá ar fáil do ghairmithe sláinte chun cinn do phríomhoidí míochaine ó gach cuid d'oileán na hÉireann.

Bia Sláintiúil le haghaidh Torthaí Sláintiúla (Beartas Bia sna Scoileanna)
D'fhreastail ***safe*food** ar sheoladh Beartais nua Bia sna Scoileanna an 26 Feabhra 2014. Sa bheartas seo spreagtar scoileanna chun cur chuige scoile uile a ghlacadh i leith an bhia agus na dí a chuirtear ar fáil agus a itear/óltar sna scoileanna. Thaispeáin ***safe*food** 'Eat, Taste and Grow' (Ith, Blais agus Fás), an acmhainn bhunscoile a forbraíodh ar son Thuaisceart Éireann.

Coláiste Ríoga Lianna na hÉireann – Dámh na Míochaine Sláinte Phoiblí
Rinne an Dr Marian Faughnan, príomhspeisialtóir ***safe*food** ar chothú, cur i láthair ag cruinniú samhraidh de Dhámh na Míochaine Sláinte Phoiblí. Bronnadh duais na comhdhála - bonn an Dr. Zachary Johnson – ar an Dr Faughnan as a cur i láthair dar teideal "Tugaimis faoi mhurtall i measc na hóige céim ar chéim – feachtas uile-oileáin de réitigh phraiticiúla do thuismitheoirí.'

Scoil Shamhraidh an ICGP
Bhí seastán eolais ag ***safe*food** ag Scoil Shamhraidh Choláiste Dhochtúirí Teaghlaigh Éireann i gCill Chainnigh an 26 Meitheamh. Dhírigh sé sin aird ar na hacmhainní tomhaltóra agus gairmiúla atá ar fáil mar chuid den fheachtas murtaill i measc na hóige. Aibhsíodh ag an seastán, leis, ról ***safe*food** i dtaca le paca foghlama cumaisc a mhaoiniú do dhochtúirí teaghlaigh, a thacaíonn leis an bhfeachtas Murtaill i Measc na hÓige.

Ceardlann Eorpach um Iarmhar Lotnaidicíde.
Thacaigh ***safe*food** leis an 10ú Ceardlann Eorpach um Iarmhar Lotnaidicíde a reáchtáladh in Éirinn den chéad uair in 2014. Déantar an ócáid seo, ag a ndírítear ar ghnéithe eolaíocha d'úsáid agus rialú lotnaidicídí, a óstáil gach dara bliain i mBallstát Eorpach ar leith, agus is é an phríomhfhóram Eorpach le haghaidh forbairtí é i dtaca le hiarmhair lotnaidicíde i mbia agus i ndeoch.

Reáchtáladh an cheardlann san Ionad Comhdhála, Baile Átha Cliath, agus d'fhreastail os cionn 600 toscaire air, ón AE agus níos faide i gcéin. Deis den scoth ab ea é chun Líonraí Eolais ***safe*food** a aibhsiú, go háirithe Líonra eolais na nIarmhar

Ceimiceach.
De bharr rannpháirtíocht ***safe*food** in imeachtaí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta, díríodh aird na mílte tomhaltóir, gairmithe sláinte agus oide spriocdhírithe agus an lucht léinn ar shábháilteacht bia, sláinteachas bia agus cothú.

Lá náisiúnta oiliúna le haghaidh Oifigigh Sláinte Comhshaoil.
Thacaigh ***safe*food** le hoiliúint bhliantúil le haghaidh Príomhoifigigh agus Oifigigh Shinsearacha Sláinte Comhshaoil ar oileán na hÉireann trí ócáid lae a óstáil i mBaile Átha Cliath ar a fhreastail breis is 70 den ghrúpa sin.

Díríodh san oilíúint ar chritéir mhicribhitheolaíocha le haghaidh táirgí bia agus go háirithe ar ghnéithe den Rialachán um Fhaisnéis Bia le haghaidh Tomhaltóirí (1169/2011) a bhaineann le hailléirgéiní bia. Tháinig an Rialachán i bhfeidhm an 13 Nollaig 2014. Rinne an Dr. James McIntosh cur i láthair ar chuid den obair atá déanta ag safefood maidir leis na rioscaí do thomhaltóirí atá íogair ó thaobh bia a laghdú agus iad ag ithe lasmuigh den bhaile agus rinne

an Dr. Linda Gorman cur i láthair ar na deiseanna d'Oifigigh Sláinte Comhshaoil trí a bheith rannpháirteach i Líonraí Eolais ***safe*food**.

Seó Bia agus Dí Thuaisceart Éireann
D'urraigh ***safe*food** an Open Kitchen ag Seó Bia agus Dí Thuaisceart Éireann mar ar tugadh 21 léiriú in imeacht trí lá ón 24-26 Deireadh Fómhair 2014. Mheall an seó breis agus 7,000 cuairteoir agus d'fhéach 600 duine ar 21 taispeántas cócarála dár gcuid. Thaispeáin príomhchócairí agus laochra bia Thuaisceart Éireann a gcuid scileanna agus chabhraigh chun daoine a spreagadh chun dul i mbun cócarála.

An Dlí nua maidir le hAilléirgí – An méid is gá a bheith ar eolas ag Lónadóirí/Táirgeoirí
Tháinig na dlíthe nua maidir le lipéadú ailléirgíní i bhfeidhm an 31 Nollaig 2014. Den chéad uair, ní mór comhábhair ailléirgéine i mbia a dhíoltar i bhfoirm scaoilte (.i. gan phacáiste) a liostú agus a chur ar fáil do chustaiméirí.

D'eagraigh ***safe*food** seimineár an 2 Nollaig 2014 inar díríodh ar na riachtanais nua reachtacha agus ar an tsli le hiad a chomhlíonadh. Pléadh, leis, an bunús leis na hathruithe reachtacha seo. I measc na n-aoichainteoirí bhí Ruth Charles ó Líonra Ailléirge Bia na hÉireann agus Pat O'Mahony ó Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

An chéad ócáid de Chruinniú Ailléirgí Bia agus Anaifiolacsas ar oileán na hÉireann.
Thacaigh ***safe*food** leis an tríú Chruinniú Ailléirgí Bia agus Anaifiolacsas den Acadamh Eorpach um Ailléirge agus Imdhíoneolaíocht Chliniciúil (EACCI), a reachtáladh den chéad uair in Éirinn i 2014. Is cumann cliniceoirí, taighdeoirí agus gairmithe sláinte é an EAACI, atá tiomanta do shláinte daoine a bhfuil galair ailléirgeacha orthu a fheabhsú.

Tá os cionn 7,800 ball aonair agus 42 Cumann Náisiúnta san EAACI, a fhágann gurb é an phríomhfhoinse saineolais san Eoraip é ar gach gné d'aillléirgí, lena n-áirítear ailléirgí bia. Bhí idir léachtaí agus cheardlanna i gceist sa chlár a tionóladh i gcaitheamh trí lá idir 9-11 Deireadh Fómhair 2014 ag an Ionad Comhdhála, Baile Átha Cliath. Ba é seo an chéad mhórchruinniú ailléirge a tionóladh ar oileán na hÉireann agus mheall sé os cionn 600 toscaire. Ba dheis den scoth é an ócáid seo l e haird a dhíriú arLíonra Eolais safefood ar Ailléirgí Bia & Éadulaingt Bia.

Corparáideach
Dé hAoine an 14 Samhain 2014 a bhí an 9ú cruinniú de Choiste Comhairleach ***safe*food** ag Óstán Crowne Plaza i mBaile Átha Cliath. Dearadh an cruinniú chun tógáil ar na hionchuir a tugadh ag cruinniú roimhe seo i mí Feabhra agus is i bhfoirm cheardlainne a bhí sé. Leagadh amach an cruinniú sa tslí is gur shoiléirigh sé tuilleadh ról ***safe*food** sa timpeallacht ghinearálta bia, róil agus saineolas bhaill an Choiste Chomhairligh, agus an tslí is fearr le húsáid a bhaint astu siúd chun leasa an dá phairtí.

Tugadh dhá léiriú sheachtracha ar an gcéad lá: ba é an Dr. Ken McKenzie, Stiúrthóir Pleanála Straitéisí le Publicis, a thug an chéad cheann, a dhírigh ar iompar tomhaltóirí san am atá díreach amach romhainn a réamhinsint. Ba é Jim Power, as Jim Power Economics Ltd, a thug an dara léiriú, ag díriú ar shaincheisteanna bia sa timpeallacht macrai-eacnamaíoch. Bhí an dá léiriú ar fheabhas agus cuireadh an-spéis iontu. Thug an Tánaise, an tAire Coimirce Sóisialaí agus Ceannaire Pháirtí an Lucht Oibre, Joan Burton, cuairt chúirtéise ar Choiste Comhairleach safefood agus labhair sí ar ábhair éagsúla, go háirithe na dúshláin a bheidh le sárú chun dea-chaighdeáin cothaithe a chinntiú i gcás leanaí in aois scoile.

**An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia**
**Cuntais don Bhliain dar críoch an Dé Céadaoin 31 Nollaig 2014**

## Oibríochtaí Corparáideacha

Tá ról tábhachtach tacaíochta ag an Stiúrthóireacht Oibríochtaí Corparáideacha i dtaca le cláir agus gníomhaíochtaí a chur ar fáil ar fud na heagraíochta. Ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil tá seirbhísí airgeadais, soláthair, acmhainní daonna, TF, seirbhísí dlí, rialachais agus iniúchóireachta. Rannchuidíonn na seirbhísí sin ar fad chun spriocanna na heagraíochta a bhaint amach go héifeachtach.

Rialachas
Féachann ***safe*food** leis na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh a shroicheadh. Géilleann sé don Chód Cleachtais Rialachais a d'eisigh an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas agus mar cheist dea-chleachtais géilleann sé don Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais i bPoblacht na hÉireann.

Rinne na hArd-Reachtairí Cuntas agus Ciste in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann na Ráitis Airgeadais don bhliain 2014 a chomhdheimhniú.

An Coiste Iniúchóireachta
Beirt bhall den Bhord Comhairleach mar aon le beirt bhall seachtrach atá ar an gCoiste Iniúchóireachta. Téann duine amháin de na baill sheachtracha i gceannas ar chruinnithe. Tá taithí ghairmúil ábhartha leathan ag an mbeirt bhall seachtrach den choiste. Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta in 2014. Fostaíonn an Coiste Iniúchóireachta iniúchóirí gairmiúla seachtracha a chuireann clár iniúchtaí seachtracha i gcrích. Buanmhír ar chlár oibre an Choiste Iniúchóireachta is ea athbhreithniú ar an gclár riosca ó thaobh cruinnis, iomláine agus le cinntiú go ndéantar gach beart chun riosca a rialú nó a mhaolú.

Coiste Comhairleach Eolaíochta
Shroich an Coiste Comhairleach Eolaíochta deireadh a thréimhse agus athcheapadh é i Samhain, le cúigear ball nua. Ceapadh ball den Bhord Comhairleach, an Dr. Mary Upton, ina Cathaoirleach, agus Mr. Robert Huey ina Leas-Chathaoirleach.

Cuntasacht
Chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus a chinntiú gur baineadh amach spriocanna oibriúcháin agus airgeadais a bhí leagtha síos sa Phlean Gnó, bhí cruinnithe rialta ag foireann bhainistíochta shinsearach safefood chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar eolas buiseádach agus airgeadais.

Coimeádadh Ranna Urraíochta ***safe*food** (an Roinn Sláinte, agus an Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteacht Phoiblí) ar an eolas i dtaobh dul chun cinn airgeadais agus oibriúcháin, ag cruinnithe rialta agus i dtuairisciú tráthúil.

Bhí ionadaithe ag ***safe*food** ag dhá cheann de chruinithe na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas i 2014 agus tugadh nuashonruithe ar dhul chun cinn agus ar na príomhcheisteanna a plé iontu.

# AN BORD UM CHUR CHUN CINN NA SÁBHÁILTEACHTA BIA

# CUNTAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH

# Dé Céadaoin 31 Nollaig 2014

**An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia**
**Cuntais don Bhliain dar críoch an Dé Céadaoin 31 Nollaig 2014**

# CLÁR


| | |
|---|---|
| Réamhrá leis na Cuntais | 3 |
| Ráiteas ar Fhreagrachtaí | 7 |
| Ráiteas ar an Rialú Inmheánach | 8 |
| Deimhniú agus Tuarascáil na nArd-Reachtairí Cuntas agus Ciste | 10 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 12 |
| Ráiteas ar na Gnóthachain agus na gCaillteanais Aitheanta Iomlána | 13 |
| Clár Comhardaithe | 14 |
| Ráiteas ar an Sreabhadh Airgid | 15 |
| Nótaí ag gabháil leis na Cuntais | 16 |
| Aguisín 1 - Ordú na gCuntas | 28 |

**An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia**
**Cuntais don Bhliain dar críoch an Dé Céadaoin 31 Nollaig 2014**

# Réamhrá leis na Cuntais

## 1. Leagan amach

Ullmhaíodh na cuntais seo i bhfoirm a d'ordaigh an Roinn Sláínte agus an Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteacht Phoiblí, le ceadú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus de réir na socruithe airgeadais i gCuid 7 d'Innéacs 2 le Comhaontú na Breataine-na hÉireann.

## 2. Eolas Cúlra

Comhlacht Feidhmiúcháin is ea an Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia (an Bord), a bunaíodh faoi Chomhaontú Bhéal Feirste an 2 Nollaig 1999. Is í reachtaíocht rialaithe an Bhoird Comhaontú na Breataine-na hÉireann agus an tOrdú um Chomhar Thuaidh-Theas (Comhlachtaí Feidhmiúcháin) 1999.

Bronnann an reachtaíocht rialaithe na feidhmeanna sainiúla seo a leanas:

- Cur chun cinn na sábháilteachta bia
- Taighde ar shábháilteacht bia
- Rabhadh bia a chur in iúl
- Faireachas ar ghalar bia-iompartha
- Comhoibriú eolaíochta agus nascanna idir saotharlanna a chur ar aghaidh
- Áiseanna éifeachtachta ó thaobh costais a fhorbairt do thástáil speisialaithe saotharlainne

Le cois an mhéid thuas, tá sainordú ginearálta ag an mBord chun gníomhú mar fhoinse neamhspleách comhairle eolaíche.

## 3. Rialachas

An Príomhfheidhmeannach a chomhlíonann feidhmeanna an Bhhoird agus tuairiscíonn sé/sí don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (NSMC). Chuaigh an Príomhfheidhmeannach Mr Martin Higgins ar scor an 30 Bealtaine 2014, bhí Mr Ray Dolan in Phríomhfheidhmeannach Gníomhach ón 1 Meitheamh 2014 agus ceapadh é go foirmiúil ina phríomhfheidhmeannach an 1 Deireadh Fómhair 2014. Faigheann an Príomhfheidhmeannach cúnamh ó Bhord Comhairleach agus ó Choiste Comhairleach Eolaíochta. Ba iad baill an Bhoird Chomhairligh sa bhliain 2014:

**Bord Comhairleach 2014**

| | |
|---|---|
| Ms. Lynn Ni Bhaoigheallain | (Cathaoirleach) |
| Ms. Darina Allen | (Leaschathaoirleach) |
| Ms Julie Andrews | |
| Mr. Thomas Burns | |
| Mr. Brendan Kehoe | |
| Mr. Alan McGrath | |
| Ms. Helen O Donnell | |
| Mr. Edward Spelman | |
| Ms. Hannah Su | |
| Mr. Campbell Tweedie | |
| Ms. Mary Upton | |
| Ms. Jane Wells | |

Chuaigh Ms Lynn Ni Bhaoigheallain ar scor le héifeachtón 1 Nollaig 2014

Triúr ball déag atá ar an gCoiste Comhairleach Eolaíochta, ón saineolas eolaíoch agus teicniúil atá ar fáil sa dá dhlínse agus cuireann sé comhairle ar fáil ar cheisteanna eolaíocha agus teicniúla.

## 4. Torthaí Airgeadais

Gheofar torthaí an Bhoird um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia leagtha amach ar leathanach 12. Le linn 2014, thabhaigh Bord Chur na Cinn na Sábháilteachta Bia€9,037,060 (GBP£7,284,954) de chaiteachas agus fuair sé €9,084,014 (GBP£7,322,805) d'ioncam as ar lean €46,954 (GBP£37,851) de bharrachas.

## 5. Imeachtaí Iar-Chlár Comhardaithe

Ní raibh aon imeacht iar-chlár comhardaithe ann.

## 6. Bronntanais Charthanúla

Ní bhfuarthas ná ní dhearnadh aon bhronntanas carthanúil i rith na bliana.

## 7. Beartais

Fostaithe Faoi Mhíchumas

Níor fostaíodh duine ar bith faoi mhíchumas i mbliana. Bíodh sin mar atá, tá an Bord tiomanta do bheartas comhionannais agus cuirtear fáilte roimh iarratais ó iarratasóirí cuícháilithe, beag beann ar mhíchumas. Eisíoh plean gníomhaíochta míchumais sa bhliain 2011 chun dearcthaí dearfa a chothú i leith daoine faoi mhíchumas agus a rannpháirtíochta sa saol poiblí a spreagadh.

Comhionannas

Eisíodh Scéim Chomhionannais faofa an Bhoird i Meán Fómhair 2011 agus tá athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ag ***safe*****food.**

Soláthar Eolais d'Fhostaithe agus Dul i gComhairle Leo

Bhí Fóram Comhpháirtíochta d'Fhostaithe i bhfeidhm i rith na bliana 2014 mar mhodh comhairliúcháin le fostaithe agus chruthaigh sé go maith mar mhodh cumarsáide d'fhostaithe.

Beartas Íoc Pras agus feidhmíocht an bheartais

Geallann an Bord íoc go pras as earraí agus seirbhísí faighte, de reir an Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997, a leasaíodh le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanach in Idirbhearta Tráchtála) 2013 agus an UK Late Payment of Commercial Debts (Interest) Act, 1009, a leasaíodh leis na Late Payment of Commercial Debts Regulations, 2002. Mura ndeirtear a mhalairt sa chonaradh, dlitear íocaíocht laistigh de 30 lá ó fháil na n-earraí nó na seirbhísí, nó ar sonrasc bailí nó éileamh dá shórt a bheith curtha isteach, cibé acu is déanaí. I 2014 íocaadh 93% (2013 96%) de na sonraisc uile laistigh de 30 lá.

Beartas Sláinte & Sábháilteachta

Tá beartas Sláinte & Sábháilteachta i bhfeidhm ag an mBord, agus scaipeadh é ar gach fostaí. Léiríonn an beartas na riachtanais dlíthiúla ardchaighdeáin a choimeád ar fud na heagraíochta.

## 8. Forbairt Amach Anseo

Cheadaigh an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas Straitéis Chorparáideach an Bhoird maidir leis na blianta 2014-2013 i mí Iúil 2011.

Leagtar amach sa stratéis sin misean, fís agus croíluachanna an Bhoird agus an tslí a gcuirfidh an Bord gach ceann dá feidhmeanna i gcrích sa tréimhse thrí bliana. Déantar measúnú bliantúil ar an straitéis i bhfianaise an phlean ghnó bhliantúil.

Is é €7,820,000 (GBP6,334,200) an maoiniú deontais atá ceadaithe i gcás 2015. Is é €7,820,000 (GBP6,970,000) an caiteachas buiséadaithe don bhliain 2015.

Tugann an Bord aird ar na deacrachtaí leanúnach maidir leis an staid bhuiséadach i dTuaisceart Éireann, maidir le bliain airgeadais 2015 / 2016, agus tá monatóireacht á déanamh go leanúnach ar an staid laistigh de chomhthéacs na tacaíocht airgeadais ón Roinn a thugtar don eagraíocht agus do na cláir.

# Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia (an Bord)

Tá ordú tugtha ag an Roinn Sláínte agus ag an Roinn Sláínte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteacht Phoiblí don Bhord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia ráiteas cuntas a ullmhú maidir le gach bliain airgeadais san fhoirm agus ar an mbonn atá leagtha amach in ordú na gcuntas san aguisín leis na Cuntais seo. Ullmhaítear na Cuntais ar bhonn fabhraithe agus ní mór dóibh léiriú fírinneach cóir a thabhairt ar staid an Bhoird ag deireadh bliana agus ar ioncam agus caiteachas an Bhoird, ar na gnóthachain agus na caillteanais aitheanta iomlána agus ar na sreafaí airgid sa bhliain airgeadais.

Agus na cuntais á n-ullmhú, ceanglaítear ar an mBord:

- Aird a thabhairt ar an ordú cuntas a d'eisigh an Roinn Sláínte agus an Roinn Sláínte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteacht Phoiblí, lena n-áirítear na riachtanais ábhartha cuntasaíochta agus nochta, agus beartais chuntasaíochta a chur i bhfeidhm ar bhonn comhleanúnach;
- Breitheanna agus meastacháin a dhéanamh ar bhonn réasúnta;
- A rá cibé ar cloíodh leis na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme agus aon imeacht ábhartha sna cuntais a nochtadh agus a mhíniú;
- Na cuntais a ullmhú ar bonn gnóthais leantaigh, ach amháin más neamhchuí a cheapadh go leanfaidh an Bord dá ghnó.

Freagrachtaí an Phríomhfheidhmeannaigh

Leagtar amach i Meamram Airgeadais an Chomhlachta freagrachtaí an phríomhfheidhmeannaigh, mar an Duine Freagrach maidir leis na mBord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia, lena n-áirítear freagract as cuíúlacht agus rialtacht an airgeadais phoiblí agus as taifid a choinneáil.

Raymond Dolan
Príomhfheidhmeannach
Dáta: 6 Samhain 2015

**An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia**
**Cuntais don Bhliain dar críoch an Dé Céadaoin 31 Nollaig 2014**

# Ráiteas ar an Rialú Inmheánach

## 1. Raon na Freagrachta

Mar an Duine Freagrach, tá sé de chúram ormsa córas fónta rialaithe inmheánaigh a choinneáil a thacaíonn le comhlíonadh spriocanna, aidhmeanna agus cuspóirí an Bhoird agus a chosnaíonn cistí poiblí agus sócmhainní na Roinne a bhfuil freagracht phearsanta ormsa ina dtaobh, ag an am céanna. Ní mór dom sin a dhéanamh de réir na bhfreagrachtaí a sannadh dom sna Managing Public Money Northern Ireland (MPMNI) and Public Finance Procedures.

Sainítear go cruinn i Meamram Airgeadais an Bhoird an struchtúr cruinn cuntasaíochta agus tuairiscithe, ina dtugtar gearrchuntas ar ról athbhreithnithe agus monatóireacht na gcomh-Ranna coimircíochta (an Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteacht Phoiblí (Thuaidh) agus an Roinn Sláinte (Theas). Lena chois sin, mar Phríomhoifigeach Cuntais, táim cuntasach do na coistí cuntas poiblí i ngach ceann den dá dhlínse.

## 2. Cuspóiri an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Dearadh an córas rialaithe inmheánaigh chun bainistíocht a dhéanamh ar riosca go leibhéal réasúnta seachas deireadh a chur le gach riosca nach mbainfear amach beartais, aidhmeanna agus cuspóirí; ní féidir leis mar sin ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú amach is amach a sholáthar. Bunaítear an córas rialaithe inmheánaigh ar phróiseas leanúnach a ceapadh chun na rioscaí nach mbainfí amach beartais, aidhmeanna agus cuspóirí an Bhoird a aithint agus a chur in ord tosaíochta, chun dóchúlacht gach riosca díobh sin agus an tionchar a bheadh acu dá dtitfidís amach a mheas, agus chun iad a bhainistiú go héifeachtach eacnamúil. Bhí an córas rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm ag an mBord sa bhliain dar críoch an Dé Céadaoin 31 Nollaig 2014 agus suas go dtí dáta fhormheasta na Tuarascála Bliantúla agus na gCuntas, agus tá sé ar aon dul le treoir na Ranna Airgeadais.

## 3. An Cumas Chun Riosca a Láimhsiú

An Fhoireann Bhainistíochta Sinsearaí atá freagrach as an bpróiseas bainistíochta rioscaí a chur i bhfeidhm agus a mhaoirsiú faoi threoir uaimse chun a chinntiú go mbíonn an próiseas ag obair faoi mar is ceart. Le cois athbhreithniú a dhéanamh ar

chreat iomlán na rioscaí, déantar athbhreithniú ar gach moladh a fhaightear ó na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, agus cuirtear leis na rialuithe nó tugtar rialuithe nua isteach de réir mar is gá.

Bítear ag súil go n-oibreoidh gach ball foirne laistigh de na beartais bhunaithe ar riosca agus ar rialú inmheánacha, agus cuirtear oiliúint chuí orthu ina fhianaise sin.

## 4. An Creat Riosca agus Rialaithe

Tá clárleabhar rioscaí agus maitrís measúnaithe riosca ceaptha ag an mBord. Aithnítear rioscaí ar an leibhéal bunúsach agus ar an leibhéal rialaithe ag an tráth a mbíonn pleananna agus straitéisí gnó á gcur i dtoll a chéile. Tá creat ceaptha ag an mBord maidir le heolas bainistíochta rialta, athbhreithniú ar athraitheas, agus nósanna imeachta riaracháin agus rialaithe (lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligthe agus cuntasachta).

Áirítear air chomh maith:

- Córais chuimsiteacha buiséadta agus an buiséad bliantúil le bheith faofa ag an bPríomhfheidhmeannach;
- Nósanna imeacht chun na buiséid a athbhreithniú agus a aontú leis an bhFoireann Bainistíochta Sinsearaí; agus
- Tuarascálacha rialta airgeadais a ullmhú mar bhonn le monatóireacht agus athbheithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn.

Sa bhliain 2014 cabhair ab ea tuairimí na nIniúchóirí Inmheánacha agus Seachtracha agus Choiste Iniúchóireachta an Bhoird Chomhairligh agus an creat riosca agus rialaithe á athbhreithniú.

## 5. Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

I mo cháil mar an Duine Freagrach, táim freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtaí atá an córas rialaithe inmheánaigh. Is éard a bhíonn mar bhonn eolais faoin athbhreithniú a dhéanaim ar an gcóras rialaithe inmheánaigh obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus na mbainisteoirí feidhmiúcháin a bhfuil sé de chúram orthu an creat rialaithe inmheánaigh a cheapadh agus a chothabháil, agus tuairimí a dhéanann na hiniúchóirí seachtracha ina litir don bhainistíocht agus tuarascálacha eile. Tá plean

i bhfeidhm chun díriú ar laigeí agus a chinntiú go mbeidh an córas ag dul i bhfeabhas i gcónaí.

Seo a leanas na gníomhaíochtaí a thacaíonn leis an athbhreithniú ar éifeachtacht:

- D'athbhreithnigh an Fhoireann Bhainistíochta Sinearaí an Buiséad Bliantúil a d'fhaomh na Ranna Coimircíochta, go háirithe aon imeacht ó ghníomhaíocht bheartaithe; agus
- Coimeádadh an creat um bainistíocht riosca faoi athbhreithniú leanúnach agus cuireadh clárleabhar riosca nuashonraithe faoi bhráid Choiste Iniúchóireachta an Bhoird Chomhairligh.
- Rinne na hIniúchóirí Inmheánacha athbhreithniú sa bhliain 2014 ar na Rialuithe Inmheánacha Airgeadais a bhí i bhfeidhm.

Raymond Dolan
Príomhfheidhmeannach
Dáta: 6 Samhain 2015

## An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia

### Deimhniú na nArd-Reachtairí Cuntas agus Ciste chuig Comhdháil Thuaisceart Éireann agus chuig Tithe an Oireachais

Tá iniúchadh déanta againn ar chuntais an Bhoird um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia ('an Comhlacht') don bhliain dar críoch an Dé Céadaoin 31 Nollaig 2014 de bhun fhorálacha an Ordaithe um Chomhar Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Feidhmiúcháin) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus an Acht Chomhaontú na Breataine - na hÉireann 1999 a cheanglaíonn iniúchadh agus deimhniú a dhéanamh i gcomhar ar na cuntais a chuirtear inár láthair ag an gComhlacht. Tá na cuntais comhdhéanta den Chuntas Ioncaim agus Caiteachais, Ráiteas ar na Gnóthachain agus na Caillteanais Iomlána Aitheanta, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar an Sreabhadh Airgid agus na nótaí agus aguisíní gaolmhara. Ullmhaíodh na cuntais sin de réir na mbeartas cuntasíochta atá leagtha amach laistigh dóibh.

### Freagrachtaí faoi seach an Chomhlachta, an Phríomhfheidhmeannaigh agus na nIniúchóirí

Mar a míníodh ar shlí níos iomláine sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí, tá an Comhlacht freagrach as na cuntais a ullmhú agus as a bheith sásta go dtugann siad amharc cóir cothrom. Tá an Príomhfheidhmeannach, ina cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta, freagrachas as a chinntiú go mbíonn cuíúlacht agus rialtacht ann i dtaca leis an úsáid a bhaintear as cistí poiblí. Is é ár fhreagracht na cuntais a iniúchadh de réir fhorálacha an Ordaithe um Chomhar Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Feidhmiúcháin) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus Acht Chomhaontú na Breataine - na hÉireann 1999. Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (RA agus

Éire). Ceanglaíonn na caighdeáin sin orainne agus ar ár bhfoireann géilleadh le Caighdeáin Eiteacha an Bhoird um Chleachtais Iniúchta le haghaidh Iniúchóirí.

**Raon iniúchadh na gcuntas**

Ciallaíonn iniúchadh fianaise a fháil mar gheall ar na méideanna agus na nochta sna ráitis airgeadais, a bheidh dóthanach le deimhniú réasúnta a chur ar fáil go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh sé mar thoradh ar chalaois nó ar mhírialtacht nó earráid eile. Áirítear air sin measúnú féachaint: an bhfuil na beartais chuntasaíochta cuí do chúinsí an Chomhlachta agus ar cuireadh i bhfeidhm iad go comhsheasmhach agus ar nochtadh iad ar shlí imleor; a réasúnta atá na meastacháin thábhachtacha cuntasaíochta a rinne an Comhlacht; agus cur i láthair na ráiteas airgeadais ina n-iomláine. Leis chois sin, léimid gach faisnéis airgeadais agus neamhairgeadais sa tuarascáil bhliantúil agus an Réamhrá chun neamhréireachtaí ábhartha leis na cuntais iniúchta a shainaithint agus chun aon fhaisnéis a shainaithint fhéachann le bheith mícheart go hábhartha bunaithe ar, nó neamhréireach go hábhartha leis an fhaisnéis a fuaireamar fad a bhí an t-iniúchadh á dhéanamh. Má thugaimid aon mhíráiteas nó aon mhíréireacht ábhartha dealraitheach faoi deara breithnímid a impleachtaí dár ndeimhniú.

Lena chois sin, ceanglaítear orainn fianaise a fháil a bheith leordhóthanach chun dearbhú réasúnta a thabhairt gur cuireadh an caiteachas agus an t-ioncam a tuairiscíodh sna cuntais i bhfeidhm chun na gcríoch a cheap Chomhdháil Thuaisceart Éireann agus Dáil Éireann agus go bhfuil na bearta airgeadais ar aon dul leis na húdaráis a rialaíonn iad.

**Tuairim ar Rialtacht**

Is é ár dtuairim, go bunúsach, gur cuireadh an caiteachas agus an t-ioncam i bhfeidhm chun na gcríoch a cheap Chomhdháil Thuaisceart Éireann agus Dáil Éireann agus go bhfuil na bearta airgeadais ar aon dul leis na húdaráis a rialaíonn iad.

**Tuairim ar na cuntais**

Is é ár dtuairim:

- go dtugann na cuntais amharc fíríneach cothrom ar staid ghnóthaí an Chomhlachta amhail ar 31 Nollaig 2011 agus dá bharrachas, dá ghnóthachain agus dá chaillteanais aitheanta iomlán agus de shreabhadh an airgid don bhliain dar críoch sin; agus

- gur ullmhaíodh na cuntais go cuí de réir fhorálacha an Ordaithe um Chomhar Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Feidhmiúcháin) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus Acht Chomhaontú na Breataine–na hÉireann 1999, agus na rialacha a eisíodh fúthu siúd.

**Tuairim ar nithe eile**

Is é ár dtuairim go bhfuil an t-eolas sa Réamhrá maidir leis na mbliain airgeadais dár ullmhaíodh na cuntais comhsheasmhach leis na cuntais.

**Tuairiscímid de réir eisceachta sna cásanna seo a leanas**

Tuairiscím de réir eisceachta más amhlaidh

- nár coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha; nó
- nach bhfuil na cuntais ag aontú leis na taifid chuntasaíochta; nó
- mura bhfuaireamar gach eolas agus míniú a theastaigh dár n-iniúchadh; nó
- mura luíonn an fhaisnéis a thugtar sa tuarascáil bhliantúil leis na cuntais ghaolmhara; nó
- mura léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach gur géilleadh don treoir infheidhme maidir le rialachas corparáideach.

Níl rud ar bith le tuairisciú againn i dtaca leis na nithe sin a dtuairiscímid orthu de réir eisceachta.

**Seamus McCarthy**
